

1.9 MEASTÓIREACTH AR AN SOLÁTHAR DO SCOLÁIRÍ IN IAR-BHUNSCOILEANNA A BHFUIL RIACHTANAI BHREISE AGUS RIACHTANAI SPEISIALTA OIDEACHAIS ACU

Tá Aguisín 1.9 *Meastóireacht ar an Soláthar do Scoláirí in Iar-bhunscoileanna a bhfuil Riachtanais Bhreise agus Riachtanais Speisialta Oideachais Acu* á fhoilsiú mar aguisín breise le *Treoir Maidir le Cigireacht in Iar-bhunscoileanna 2016*. Leagtar amach sa treoir sin an bealach a reáchtálann an Chigireacht cigireachtaí in iar-bhunscoileanna agus tugtar breac-chuntas inti ar na gnéithe coiteanna a bhaineann le gach samhail chigireachta ag trí chéim na cigireachta, roimh an gcigireacht, le linn na cigireachta agus i ndiaidh na cigireachta. Bhí sí i bhfeidhm ón 01 Meán Fómhair 2016 agus tháinig sí in ionad treoracha a bhí ann roimhe sin, ar treoracha iad a rinne cur síos ar gach samhail chigireachta ina gceann agus ina gceann.

Leagtar amach san aguisín seo an fócas, na gnéithe agus na gníomhaíochtaí cigireachta a bhaineann le Meastóireacht ar an Soláthar do Scoláirí in Iar-bhunscoileanna a bhfuil Riachtanais Bhreise agus Riachtanais Bhreise Oideachais Acu.

RÉAMHRÁ

Tá Meastóireacht ar an Soláthar do Scoláirí in Iar-bhunscoileanna a bhfuil Riachtanais Bhreise agus Riachtanais Speisialta Oideachais acu (SEN-PP) ceaptha chun measúnú a dhéanamh ar sholáthar scoile le haghaidh:

- scoláirí ar chéim a haon den Chontanam Tacaíochta a fhaigheann tacaíocht i ranganna príomhshrutha
- scoláirí ar chéim a haon den Chontanam Tacaíochta a fhaigheann tacaíocht i ranganna príomhshrutha agus/ nó i socrúcháin tacaíochta
- scoláirí i ranganna speisialta

Forbraíodh í lena áirithiú go mbeadh comhsheasmhacht agus comhleanúnachas idir an mheastóireacht ar sholáthar do scoláirí a bhfuil riachtanais bhreise agus speisialta oideachais acu agus an tsamhail chun teagasc oideachais speisialta a leithdháileadh ar scoileanna a tugadh isteach i mí Mheán Fómhair 2017. Sa chomhthéacs sin, tugtar aird faoi leith ar an úsáid a bhaineann an scoil as an *Contanam Tacaíochta* agus ar a mhéad agus a chloíonn sí leis na prionsabail agus leis na gníomhaíochtaí atá léirithe sna *Treoirí do Scoileanna: Tacú le Scoláirí in Iarbhunscoileanna a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu* (Meán Fómhair 2017). Léiríonn an tsamhail freisin foilsiú *Ag Breathnú ar an Scoil S'Againne 2016: Creat Cáilíochta d'Iar-bhunscoileanna*, a d'fhoilsigh an Roinn i mí Mheán Fómhair 2016.

FÓCAS MEASTÓIREACHTA

Téitear i ngleic sa tsamhail SEN - PP leis na ceisteanna seo a leanas maidir le cáilíocht an tsoláthair scoile do scoláirí a bhfuil riachtanais bhreise agus speisialta oideachais acu:

1. a. Cé chomh maith agus atá na torthaí foghlama do scoláirí a bhfuil riachtanais bhreise agus speisialta oideachais acu?
b. Cé chomh maith agus atá na heispéiris foghlama do scoláirí a bhfuil riachtanais bhreise agus speisialta oideachais acu?

2. Cé chomh maith agus atá an scoil ag baint úsáid as na hacmhainní a fhaigheann sí do scoláirí a bhfuil riachtanais bhreise agus speisialta oideachais acu chun eispéiris agus torthaí foghlama a fheabhsú.

3. Cé chomh héifeachtach agus atá na struchtúir agus na córais atá i bhfeidhm ag an scoil chun cuimsiú, comhionannas deiseanna agus forbairt iomlánaíoch a chothú do scoláirí a bhfuil riachtanais bhreise agus speisialta oideachais acu?

Agus iad ag dul i ngleic leis na ceisteanna sin, baineann cigirí úsáid as dhá phríomhfhoinsé fianaise:

1. **Tuairisciú na scoile féin** ar eispéiris agus ar thorthaí foghlama, an úsáid a bhaineann sí as acmhainní agus na struchtúir agus na córais atá i bhfeidhm ag an scoil chun cuimsiú, comhionannas deiseanna agus forbairt iomlánaíoch a éascú do scoláirí a bhfuil riachtanais bhreise agus riachtanais speisialta oideachais acu.
2. **Meastóireacht Cigirí** ar eispéiris agus ar thorthaí foghlama, an úsáid a bhaineann sí as acmhainní agus na struchtúir agus na córais atá i bhfeidhm ag an scoil chun cuimsiú, comhionannas deiseanna agus forbairt iomlánaíoch a éascú do scoláirí a bhfuil riachtanais bhreise agus riachtanais speisialta oideachais acu.

GNÉITHE NA MEASTÓIREACHTA

Faigheann scoileanna fógra deich lá roimh an meastóireacht trí ghlaoch gutháin ón gcigire, agus faigheann an scoil ríomhphost ina dhiaidh sin. Bíonn nóta eolais san áireamh sa ríomhphost agus cur síos ar an bpróiseas meastóireachta ann.

De ghnáth bíonn suas le trí lá sa scoil i gceist sa mheastóireacht agus cuirtear na cruinnithe, an breathnú ar cheachtanna agus an t-aiseolas, ag a ndéantar na dréacht-torthaí tosaigh agus moltaí na cigireachta a chur i láthair agus a phlé, i gcrích laistigh de na laethanta sin. Beirt chigire go hiondúil a thugann faoin meastóireacht.

Roimh an gcigireacht inscoile, iarrtar ar an bpríomhoide foirm chaighdeánach eolais faoi scoileanna a líonadh isteach go leictreonach nó an fhoirm atá ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne a chur ar fáil agus í comhlánaithe cheana féin. Cuirtear an fhoirm chomhlánaithe ar ais chuig an gcigire tuairiscithe (tríd an ríomhphost más féidir) laistigh de chúig lá oibre ón uair a fhaightear an fógra. Roimh an gcuairt chigireachta, iarrtar ar an bpríomhoide plean soláthair na scoile a chur ar fáil don chigire ina bhfuil liosta de gach scoláire sa scoil a fhaigheann tacaíocht teagaisc bhreise agus an bhliain agus an rang ina bhfuil siad. Iarrfar air/ uirthi a dheimhniú freisin go bhfuil rochtain ag an gcigire ar eolas iomlán agus cruinn faoin gclár ama.

LÉARGAS AR GHNÍOMHAÍOCHTAÍ CIGIREACHTA:

Roimh an gcuart chigireachta	Gníomhaíocht na Cigireachta	Fógra maidir le meastóireacht Cuireadh a chur ar aghaidh chuig tuismitheoirí chun ceistneoirí ar líne do thuismitheoirí a chomhlánú A dheimhniú go bhfuil rochtain ag an gcigire ar eolas iomlán agus cruinn faoin gclár ama An sampla de scoláirí agus de thuismitheoirí a roghnú le haghaidh phlé an ghrúpa agus sin a chur ar aghaidh chuig an bpríomhoide Clár ama tosaigh a cheapadh don mheastóireacht
	Gníomhaíocht na scoile	Foirm chaighdeánach eolais faoin scoil a chomhlánú agus/nó a chur ar aghaidh Liosta de gach scoláire sa scoil a fhaigheann tacaíocht teagaisc bhreise a chur ar aghaidh Cead a fháil ó thuismitheoir na scoláirí a roghnaítear chun páirt a ghlacadh i gcruinniú fócasghrúpa na scoláirí Deimhniú ar bheith ar fáil do chruinniú fócasghrúpa tuismitheoirí A áirithiú go bhfuil rochtain ag an gcigire ar eolas iomlán agus cruinn faoin gclár ama A dheimhniú go bhfuil na polasaithe atá riachtanach ar fáil don chuairt chigireachta
Le linn na cuairte cigireachta	Gníomhaíocht na Cigireachta Go hiondúil suas le trí lá scoile	Imscrúdú ar an bplean soláthair scoile agus pleanáil do chuartheanna ar shuíomhanna foghlama Meastóireacht ar theagasc agus ar fhoghlaim i suíomhanna príomhshrutha agus tacaíochta Idirghníomhaíocht le scoláirí agus athbhreithniú ar obair na scoláirí Cruinniú leis an bhfoireann um oideachas speisialta Cruinniú le cuntóirí riachtanas speisialta Cruinniú Fócasghrúpa na Scoláirí Cruinniú Fócasghrúpa na dTuismitheoirí Athbhreithniú ar shonraí measúnaithe agus ar cháipéisí scoile atá ábhartha do scoláirí a bhfuil riachtanais bhreise agus riachtanais speisialta oideachais acu Seiceálacha leibhéal a haon um chosaint leanaí Aiseolas do mhúinteoirí aonair agus don phríomhoide agus do phríomhbhaill na foirne oideachais speisialta
I ndiaidh na cuairte cigireachta	Gníomhaíocht na Scoile	Freagairt do chéim an dearbhaithe fíricí agus do chéim fhreagairt na scoile, más cuí
	Gníomhaíocht na Cigireachta	Torthaí na gceistneoirí a chur ar ais chuig an scoil Dréacht-tuarascáil a eisiúint le haghaidh dearbhú fíricí agus le haghaidh fhreagairt na scoile Foilsíú na tuarascála deiridh ar shuíomh gréasáin na Roinne